Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11563/25**

**EF 242**
**ECOFIN 997**
**DROIPEN 80**
**ENFOPOL 270**
**CT 96**
**FISC 171**
**COTER 144**
**DELACT 100**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4724 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 8.7.2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx *[IO comhlánaigh le do thoil]* [Rialachán Tarmligthe C(2025) 3815 final a glacadh an 10.6.2025] chun clásal athbhreithniúcháin a thabhairt isteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4724 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 4724 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.7.2025
C(2025) 4724 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.7.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx *[IO comhlánaigh le do thoil]* [Rialachán Tarmligthe C(2025) 3815 final a glacadh an 10.6.2025] chun clásal athbhreithniúcháin a thabhairt isteach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Faoi Airteagal 9(1) de Threoir (AE) 2015/849[1], ní mór dlínsí tríú tír a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcórais maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (SA/MSC) ar bagairt mhór iad ar chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh ('tríú tíortha ardriosca') a shainaithint chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a chosaint.

Le hAirteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na tríú tíortha ardriosca sin a shainaithint, agus easnaimh straitéiseacha á gcur san áireamh. Leagtar síos ann freisin na critéir le haghaidh mheasúnú an Choimisiúin. Ní mór na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh laistigh de mhí amháin tar éis na heasnaimh straitéiseacha a shainaithint.

In Airteagal 18a de Threoir (AE) 2015/849, luaitear nach mór do na Ballstáit a cheangal ar eintitis faoi oibleagáid bearta feabhsaithe díchill chuí maidir le custaiméirí a chur i bhfeidhm nuair a bhunóidh siad caidreamh gnó nó nuair a dhéanfaidh siad idirbhearta lena mbaineann tríú tíortha ardriosca arna sainaithint ag an gCoimisiún.

An 14 Iúil 2016, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, inar sainaithníodh roinnt tríú tíortha ardriosca den sórt sin.

D'fhoilsigh an Coimisiún modheolaíocht athbhreithnithe chun tríú tíortha ardriosca a shainaithint an 7 Bealtaine 2020[2]. Is éard atá i gceist leis na trí phríomhghné nua idirghníomhú méadaithe le próiseas liostaithe an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA), rannpháirtíocht neartaithe le tríú tíortha, agus comhairliúchán feabhsaithe leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa.

Mar gheall ar chineál athraitheach bhagairtí an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta, a éascaítear le forbairt leanúnach na teicneolaíochta agus na modhanna atá ar fáil ag na coirpigh, ní mór oiriúnú leanúnach a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil maidir le tríú tíortha ardriosca chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar na rioscaí atá ann cheana agus cosc a chur ar rioscaí nua.

An 10 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún[3] chun liosta na dtríú tíortha ardriosca a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún a leasú. Sa ghníomh leasaitheach sin, leanadh na moltaí ón mbunaitheoir caighdeán idirnáisiúnta, TFGA.

Tíortha nach sainaithnítear go poiblí mar thíortha atá faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht nó faireachán méadaithe ag TFGA, d'fhéadfaidís a bheith ina mbagairt fós ar shláine chóras airgeadais an Aontais. I gcás ina gcuirtear ballraíocht na dtíortha sin in TFGA ar fionraí mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha ar na croíphrionsabail is bonn leis an mbunaitheoir caighdeán sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar an mbagairt ar chóras airgeadais an Aontais.

1 Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

2 Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le modheolaíocht chun tríú tíortha ardriosca a shainaithint faoi Threoir (AE) 2015/849 (SWD(2020) 99 final).

3 C(2025)3815.

Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun sláine chóras airgeadais an Aontais a chaomhnú agus measúnú uathrialach a thabhairt chun críche i dtaobh an tríú tíortha ardriosca iad na tíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849. Faoi chuimsiú na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach go ngníomhóidh an Coimisiún go pras.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 7 Iúil 2025, trí nós imeachta i scríbhinn, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Sainghrúpa um Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac maidir leis an dréacht-Rialachán Tarmligthe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an rialachán tarmligthe seo, tugtar isteach clásal athbhreithniúcháin a ghabhann le gníomh tarmligthe an 10 Meitheamh 2025[4] lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

[4] C(2025)3815.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.7.2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx *[IO comhlánaigh le do thoil]* [Rialachán Tarmligthe C(2025) 3815 final a glacadh an 10.6.2025] chun clásal athbhreithniúcháin a thabhairt isteach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún[5], agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxx ón gCoimisiún *[IO comhlánaigh le do thoil]*[6] chun liosta na dtríú tíortha ardriosca a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún[7] a leasú. Sa ghníomh leasaitheach sin, leanadh na moltaí ón mbunaitheoir caighdeán idirnáisiúnta, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA).

(2) Tíortha nach sainaithnítear go poiblí mar thíortha atá faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht nó faireachán méadaithe ag TFGA, d'fhéadfaidís a bheith ina mbagairt fós ar shláine chóras airgeadais an Aontais. I gcás ina gcuirtear ballraíocht na dtíortha sin in TFGA ar fionraí mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha ar na croíphrionsabail is bonn leis an mbunaitheoir caighdeán sin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar an mbagairt ar chóras airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun sláine chóras airgeadais an Aontais a chaomhnú agus measúnú uathrialach a thabhairt chun críche i dtaobh an tríú tíortha ardriosca iad na tíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849. I bhfianaise na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach go ngníomhóidh an Coimisiún go pras. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáid ar an gCoimisiún an measúnú sin a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2025. Chun an cur chuige a leantar le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx *[IO comhlánaigh le do*

---

5 IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj.

6 IO, comhlánaigh le do thoil.

7 Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1675/oj).

*thoil]* a chomhlánú, ba cheart oibleagáid den sórt sin a thabhairt isteach sa Rialachán sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx [*Rialachán Tarmligthe a glacadh an 10.6.2025 C(2025) 3815, IO comhlánaigh le do thoil*] a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear Airteagal 1a isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx [Rialachán Tarmligthe a glacadh an 10.6.2025 C(2025) 3815, IO comhlánaigh le do thoil].

'Airteagal 1a

Faoin 31 Nollaig 2025, tabharfaidh an Coimisiún i gcrích an t-athbhreithniú ar thríú tíortha nach sainaithnítear mar thíortha atá faoi réir glaonna ar ghníomhaíocht nó faireachán méadaithe ag TFGA, ach a bhfuil a mballraíocht sa bhunaitheoir caighdeán idirnáisiúnta sin curtha ar fionraí, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a leasófar nó nach leasófar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 dá réir sin.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*